SOS

IN MEMORY OF

AVERY GREENE

Dear Friend,



My name is Amanda Cambridge. I am the mother of a beautiful boy we named Avery James Greene. Avery was a blonde blue eyed boy full of the joys of life. He loved everything a 3 year old boy would love, his cars, his bikes and water.

Avery was due to start pre-school in September 2019. He was also due to start swimming lessons that September.

Our world was turned up side down on the 12th of August 2019, when while on holidays in Spain, Avery lost his life in a swimming pool accident. He was 3 years old.

Our most precious gift lost his life doing what he loved most.

Reading, writing and the gift of learning; they're the most precious gifts we can give to our children. That's why we have become advocates for early learning water safety in pre-schools; for the life lesson of water safety and swimming that can be passed down from parents to children and future generations.

Avery is gone but never forgotten, his life was cut short but his memory remains.

Water Safety Ireland's 'Hold Hands' programme is life saving and life changing. Please embrace it in your pre-school and help give children, the knowledge they need to stay safe around water.

By doing so, you will help families to have great water experiences. More importantly, you'll be helping them to return home safely as a family.

Yours sincerely,

Amanda Cambridge

A Chara Chóir,

Is mise Amanda Cambridge. Avery James Greene ab ainm do mo mhac álainn óg nach maireann. Buachaillín fionn gormshúileach lán de bhrí a bhí in Avery. Bhí sé an-tógtha leis na rudaí go léir ar maith le buachaillí trí bliana d'aois iad; a chuid carranna, a rothair agus an t-uisce, dár ndóigh.



Bhí Avery le tosú ar an réamhscoil i Meán Fómhair 2019. Bhí sé chun tosú ar cheachtanna snámha a thógáil le linn na míosa sin freisin.

Cuireadh ár saol trí chéile ar an 12 Lúnasa 2019 nuair a fuair Avery bás de bharr timpiste linn snámha agus sinn ar saoire sa Spáinn. Ní raibh sé ach trí bliana d'aois.

Cailleadh ár stóirín agus é ag súgradh san uisce - an rud ba mhó a thaitin leis.

Léamh, scríobh agus bua na foghlama; sin na rudaí is luachmhaire is féidir linn a thabhairt dár leanaí. Sin an fáth a bhfuilimid ar son sábháilteacht uisce a mhúineadh mar chuid d'fhoghlaim na luath-óige; agus go bhfuilimid i bhfách leis an gceacht fíorthábhachtach atá sa tsábháilteacht uisce agus snámha, ceacht is féidir a thabhairt slán ó thuismitheoirí chuig leanaí agus chuig na nglúnta atá le teacht chomh maith.

Tá Avery imithe uainn ach ní dhéanaimid dearmad air go deo. Fuair se bás agus é an-óg ach mairfidh sé i gcónaí inár gcroíthe.

Is clár de chuid Shábháilteacht Uisce na hÉireann é 'Beir Greim Láimhe ar a Chéile', a chabhróidh le beatha daoine a shábháil agus a saol a athrú. Le do thoil, cuir an clár seo ar bun i réamhscoil do linbh chun cabhrú leis na leanaí an t-eolas a theastaíonn uathu maidir le conas fanacht slán agus iad san uisce a chur ar a súile dóibh.

Tríd an méid sin a dhéanamh, cabhróidh tú le teaghlaigh eile eispéiris iontacha a bheith acu san uisce. Níos tábhachtaí fós, cabhróidh tú leo filleadh abhaile go sábháilte mar theaghlach.

Is mise, le meas,

Amanda Cambridge